- **Rannán 2 Sonraí an mhic léinn** – bainfidh muid feidhm as an fhaisnéis a chuireann tú ar fáil sa rannán seo le d'aitheantas a dhearbhu agus más gá dúinn dul i dteagmháil leat féin nó do thríú páirtithe ainmnithe.
- **Rannán 3 Sonraí do chuid íocaíochtaí** – ní bhainfidh muid feidhm as an fhaisnéis a chuireann tú ar fáil sa rannán seo ach amháin má bhíonn orainn íocaíochtaí a thabhairt duit féin nó don tríú páirtí atá ainmnithe agat.
- **Rannán 4 Sonraí scoile nó coláiste an mhic léinn** – bainfidh muid feidhm as an fhaisnéis a chuireann tú ar fáil sa rannán seo chun oibriú amach an bhfuil tú ag fáil maoinithe oideachais ar bith ó fhoinsí eile agus an bhfuil tú i mbun staidéir ag scoil/coláiste atá cáilithe leis an Liúntas a fháil.
- **Rannán 5 Sonraí náisiúntachta agus cónaithe an mhic léinn** – bainfidh muid feidhm as an fhaisnéis a chuireann tú ar fáil sa rannán seo chun oibriú amach an bhfuil tú i dteideal an Liúntas a fháil agus le d'aitheantas a dheimhniú.
- **Rannán 6 Sonraí cónaithe an mhic léinn** – bainfidh muid feidhm as an fhaisnéis a chuireann tú ar fáil sa rannán seo le hoibriú amach an bhfuil tú cáilithe le EMA a fháil bunaithe ar stair do chónaithe.
- **Rannán 7 Sonraí neamhspleáchais an mhic léinn** – bainfidh muid feidhm as an fhaisnéis a chuireann tú ar fáil sa rannán seo le hoibriú amach an bhfuil tú spleách nó neamhspleách. Tá seo tábhachtach siocair go mbeidh muid i ndon an fhaisnéis shonrach fá dtaobh d'airgeadas agus/no an fhianaise a bheas de dhíobháil orainn le hoibriú amach an bhfuil tú cáilithe le EMA a fháil a iarraidh ort ansin.
- **Rannán 8 Sonraí airgeadais** – ní bhainimid feidhm a chuireann tú féin agus/nó do thuismitheoir(i)/do pháirtí ar fáil sa rannán seo chun oibriú amach an bhfuil tú i dteideal an Liúntas a fháil bunaithe ar ioncam do theaghlach. Ciallaíonn seo cuid de na sonraí a roinnt le CICB.
- **Rannán 9 Sonraí teaghlach an mhic léinn** – ní bhainimid feidhm as an teaghlach a chuireann tú féin agus do theaghlach ar fáil sa rannán seo chun oibriú amach an bhfuil tú i dteideal an Liúntas a fháil bunaithe ar ioncam do theaghlach.

Le tuilleadh sonraí a fháil amach fá dtaobh den dóigh a bhaintear feidhm as do chuid faisnéise, cé atá freagrach aisti agus de na cearta atá agat maidir léi, amharc le do thoil ar ár Ráiteas iomlán Fógra Príobháideachta atá le fáil ar lín ag

www.nidirect.gov.uk/publications/education-maintenance-allowance-application-forms-and-guidance-notes

Mura bhfuil rochtain agat ar an idirlíon, cuir scairt orainn le do thoil **0300 200 7089** agus thig linn cóip a chur chugat.

Rannán 1 Comhaontuithe agus toiliú (ar leanstan)

1.1 Treas páirtí údaraithe



Le tríú páirtí údaraithe is é atá i gceist againn duine a bhfuil an t-údarás aige feidhmiú agus/nó íocaíochtaí a fháil thar ceann an mhic léinn. Beidh fianaise ar nós cáipéisí ó Údarás Áitiúil nó Cumhacht Aturnae de dhíobháil. **Amharc 1.2 thíos.**

1.2 Treas páirtí údaraithe



Caithfidh muid cruthúnas a fheiceáil go bhfuil tú údaraithe le gníomhú agus/nó cistí a choinneáil thar cionn an mhic léinn, cuir ionsorainn:

- Cáipéisí ó Chomhlacht Poiblí (mar shampla an Roinn Sláinte) nó Cumhacht Aturnae ag daingniú go bhfuil tú údaraithe le gníomh agus/nó glacadh le híocaíochtaí thar cionn an mhic léinn.

Áirítear le samplaí:

- ráiteas fá dtaobh de riachtanais bhreise speisialta an mhic léinn; **nó**
- litir ag taispeáint go bhfaigheann tú Liúntas Maireachtála Éagumais thar cionn an mhic léinn; **nó**
- litir ag taispeáint go bhfaigheann tú Íocaíocht Phearsanta Neamhspleáchais (PIP) thar ceann an mhic léinn.

Rannán 2 Sonraí an mhic léinn

2.2 Sonraí pearsanta



Beidh cruthúnas ar d'aois agus d'aitheantas de dhíobháil orainn, cuir ceann amháin den mhéid seo a leanas ar fáil:

- sonraí do phas bhailí de chuid na RA de réir mar a iarrtar i Rannán 5 den fhoirm iarratais; **nó**
- do bhunphas bailí de chuid Phoblacht na hÉireann nó taobh amuigh den AE; **nó**
- do bhunteastas breithe/uchtaithe; **nó**
- do Bhunthead Bithmhéadrach Cónaitheachta.

Ní bhainfear feidhm as do cheadúnas ach amháin le d'aitheantas a fhíorú, ní dhéanfar sonraí ar bith eile as a úsáid ná a stóráil.

Má chuireann tú sonraí do phas bhailí de chuid na RA ar fáil i rannán 5 ní gá duit do phas a sheoladh chugainn.

Más rud é go bhfuil do phas de chuid na RA imithe as feidhm caithfidh tú do bhunteastas breithe nó uchtaithe de chuid na RA a chur isteach.

Má tá d'ainm i ndéidh athrú ón ainm a thaispeántar ar do cháipéis, beidh ort cruthúnas ar athrú d'ainm a chur ionsorainn fosta, thig leis seo a bheith mar:

- do theastas pósta; **nó**
- gníomh aon pháirtí.

Caithfidh an fhianaise ar fad a chuireann tú isteach a bheith ina **bunfhianaise**.

2.3 Sonraí teagmhála



Beidh cruthúnas fótachóipeáilte go bhfuil cónaí ort ag an tseoladh seo de dhíobháil orainn. Cuirtear chugainn:

- bille gáis, leictreachais nó a leithéid le dáta le trí mhí anuas; **nó**
- litir do Rátaí fá choinne na bliana reatha; **nó**
- d'Fhógra Dhámhachtain Creidmheas Cánach.

Féadfaidh an cruthúnas bheith in ainm do thuismitheora/do chaomhnóra/do pháirtí.

Rannán 4 Sonraí scoile nó coláiste an mhic léinn

- 4.1 An bhfaigheann tú nó ar faomhadh duit Dámhachtain Breisoideachais (FE) ón Roinn Geilleagair, nó sparánacht ón Roinn Comhshaoil, Talmhaíochta agus Gnóthaí Tuaithe (DAERA)?



Ní thig leat íocaíochtaí EMA a fháil fá choinne an chúrsa a bhfuil tú ag déanamh iarratais dó más rud é go bhfaigheann tú ceachtar ceann de na cineálacha seo maoinithe nó gur faomhadh fána gcoinne thú.

Má fhaightear amach go bhfaigheann tú an Liúntas agus ceachtar de na foinsí maoinithe seo, beidh ort íocaíochtaí Liúntais ar bith a íoc ar ais.

Rannán 5 Sonraí náisiúntachta agus cónaitheachta an mhic léinn



Náisiúnaigh AE agus LEE

Tá liosta suas go dáta de bhallthíortha uilig an AE agus an LEE le fáil ag: www.homeoffice.gov.uk



I do chónaí de ghnáth

Le 'i do chónaí de ghnáth' is é is brí linn go bhfuil tú i do chónaí de ghnáth agus go dleathach sa RA, san AE/sa LEE nó san Eilvéis de rogha. Más rud é gur ghluais tú chun na RA chun críocha oideachais, beidh ort a bheith i do chónaí de ghnáth san AE/sa LEE nó san Eilvéis sula raibh tú i do chónaí de ghnáth sa RA.



Briseadh i gcónaitheacht

Más rud é nach raibh tú i do chónaí de ghnáth, thioctadh dó go mbeidh tú incháilithe fá choinne maoinithe fós má thig leat a thaispeáint gur briseadh sealadach a bhí i gceist agus go raibh fút pilleadh ar an RA más rud é go raibh an briseadh ann siocair a bheith ar dualgas sna Fórsaí Míleata, meastar tú a bheith i do chónaí sa RA go fóill.

Samplaí de bhriseadh sealadach inghlactha:

- briseadh bliana
- obair dheonach thar lear
- tuismitheoirí ag obair thar lear air chonradh fostaíochta sealadach

Caithfidh tú fianaise a chur chugainn lena n-áirítear ach nach bhfuil teoranta le:

- litir ó do sholáthróir foghlama a dheimhníonn do bhriseadh bliana
- litir ón fhostóir ar pháipéar ceanteidil a dheimhníonn d'fhostaíocht shealadach agus na dátaí a bhí tú ag obair
- litir ó na Fórsaí Míleata más infheidhmithe
- víosaí nó ceadanna oibre sealadacha sa bhreis ar an mhéid thuas

Caithfidh tú fosta bheith i do chónaí i dTuaisceart Éireann ar an chéad lá de do chúrsa le EMA a fháil. Má bhíonn ort do Chead Cónaithe Bithmhéadrach a chur chugainn mar fhianaise fá choinne ceiste ar bith sa rannán seo, bí deimhnithe de nach mbainfidh muid feidhm as ach le d'aitheantas a fhíorú, ní dhéanfar sonraí ar bith eile as a úsáid ná a stóráil.

5.1 Náisiúnach de chuid an RA nó Phoblacht na hÉireann



Má tá pas bailí de chuid na RA agat cuir isteach na sonraí seo. Ciallaíonn **nach gá duit do phas a sheoladh chugainn**. Mura bhfuil pas bailí de chuid na RA agat, beidh malairt fianaise de dhíobháil.

Caithfidh tú an méid seo a leanas a sheoladh chugainn:

- do **bhunphas** bailí de chuid Phoblacht na hÉireann; nó
- do **bhunteastas** breithe.

Ní thig linn glacadh le pas atá imithe ó fheidhm mar chruthúnas ar d'aitheantas.

5.2 Náisiúnach de chuid an AE



Cuir ionsorainn:

- do phas bailí; nó
- do Chárta Aitheantais Náisiúnta.

Caithfidh an fhianaise ar fad a chuireann tú isteach a bheith ina **bunfhianaise**.

Caithfidh tú fianaise a sheoladh a thaispeánann go bhfuil tú i do chónaí sa RA le trí bliana anuas.

Féadfaidh fianaise fhótachóipeáilte a bheith mar ach gan a bheith teoranta le:

- litir ar pháipéar ceanteidil ó do scoil nó do choláiste ag deimhniú d'ainm, do sheolaidh/sheolta agus an dáta ar eisíodh an litir;
- bille fóntais (is féidir iad seo a phrintáil ó do chunntas ar líne mura bhfaigheann tí billí páipéir);
- an Fógra is úire de chuid do theaghligh fá dtaobh de Dhámhachtain Chreidmheas Cánach a liostálann achan duine óg;
- ráitis bhana (is féidir iad seo a phrintáil ó do chunntas ar líne mura bhfaigheann tí billí páipéir);
- Bille Cánach na Comhairle.

Rannán 5 Sonraí náisiúntachta agus cónaitheachta an mhic léinn (ar leanstan)

5.3 'Stádas Socraithe' sa RA



Cuir ionsorainn:

- do Chead Bithmhéadrach Cónaithe; **nó**
- do litir ón Oifig Gnóthaí Baile **agus** do litir fá dtaobh de stádas imirce.

Caithfidh an fhianaise ar fad a chuireann tú isteach a bheith ina **bunfhianaise**.

5.4 'Cead fanachta ar mhaithe le cosaint dhaonnúil' nó 'cead lánroghnach'



Thig leat cur isteach ar mhaoiniú an fhad is nach dtéann do stádas nó stádas duine den teaghlach as feidhm roimh 1ú Meán Fómhair 2020.

Má théann do stádas as feidhm sula gcríochnaíonn tú do chúrsa, iarrfaidh muid fianaise fá dtaobh de do stádas nuashonraithe.

Má bhaineann an stádas seo leat féin, beidh ort cur ionsorainn mar seo a leanas:

- do Chead Bithmhéadrach Cónaithe; **nó**
- do litir ón Oifig Gnóthaí Baile **agus** do litir fá dtaobh de stádas imirce.

Má bhaineann an stádas seo leis an bhall de do theaghlach, beidh ort cur ionsorainn mar seo a leanas:

- cruthúnas ar do ghaol leis an bhall den teaghlach leis an dáta chéanna lena n-iarratas don Oifig Gnóthaí Baile.

Má éilíonn tú maoiniú mac léinn mar pháiste nó leaspháiste duine ar bronnadh an stádas seo air, ní dhéanfar do mheas mar 'pháiste' dá mba rud é go raibh tú faoi aois 18 ag am iarratas do thuismitheora nó do leathuismitheora go hOifig Gnóthaí Baile na RA.

Má éilíonn tú maoiniú mac léinn mar fhear céile, mar bhean chéile nó mar pháirtí sibhialta duine ar bronnadh an stádas seo air, beidh ort bheith mar fhear céile, mar bhean chéile nó mar pháirtí sibhialta dóibh ag am a n-iarratais.

Caithfidh an fhianaise ar fad a chuireann tú isteach a bheith ina **bunfhianaise**.

Rannán 5 Sonraí náisiúntachta agus cónaitheachta an mhic léinn (ar leanstan)

5.5 'Stádas Dídeanaí' nó 'stádas sealadach cosanta AE' sa Ríocht Aontaithe



Thig leat cur isteach ar mhaoiniú an fhad is nach dtéann do stádas nó stádas duine den teaghlach as feidhm roimh 1ú Meán Fómhair 2020.

Má théann do stádas as feidhm sula gcríochnaíonn tú do chúrsa, iarrfaidh muid fianaise fá dtaobh de do stádas nuashonraithe.

Má bhaineann an stádas seo leat féin, beidh ort cur ionsorainn mar seo a leanas:

- do Chead Bithmhéadrach Cónaithe; **nó**
- do litir ón Oifig Gnóthaí Baile **agus** do litir fá dtaobh de stádas imirce.

Má bhaineann an stádas seo leis an bhall de do theaghlach, beidh ort cur ionsorainn mar seo a leanas:

- cruthúnas ar do ghaol leis an bhall den teaghlach leis an dáta chéanna lena n-iarratas don Oifig Gnóthaí Baile.

Má éilíonn tú maoiniú mac léinn mar pháiste nó leaspháiste duine ar bronnadh an stádas seo air, ní dhéanfar do mheas mar `pháiste' dá mba rud é go raibh tú faoi aois 18 ag am iarratas do thuismitheora nó do leathuismitheora go hOifig Gnóthaí Baile na RA.

Má éilíonn tú maoiniú mac léinn mar fhear céile, mar bhean chéile nó mar pháirtí sibhialta duine ar bronnadh an stádas seo air, beidh ort bheith mar fhear céile, mar bhean chéile nó mar pháirtí sibhialta dóibh ag am a n-iarratais.

Caithfidh an fhianaise ar fad a chuireann tú isteach a bheith ina **bunfhianaise**.

Rannán 5 Sonraí náisiúntachta agus cónaitheachta an mhic léinn (ar leanstan)

5.6 'Cead fanachta' mar dhuine gan stát



Thig leat cur isteach ar mhaoiniú an fhad is nach dtéann do stádas nó stádas duine den teaghlach as feidhm roimh 1ú Meán Fómhair 2020.

Má théann do stádas as feidhm sula gcríochnaíonn tú do chúrsa, iarrfaidh muid fianaise fá dtaobh de do stádas nuashonraithe.

Má bhaineann an stádas seo leat féin, beidh ort cur ionsorainn mar seo a leanas:

- do Chead Bithmhéadrach Cónaithe; **nó**
- do litir ón Oifig Gnóthaí Baile **agus** do litir fá dtaobh de stádas imirce.

Má bhaineann an stádas seo leis an bhall de do theaghlach, beidh ort cur ionsorainn mar seo a leanas:

- cruthúnas ar do ghaol leis an bhall den teaghlach leis an dáta chéanna lena n-iarratas don Oifig Gnóthaí Baile.

Má éilíonn tú maoiniú mac léinn mar pháiste nó leaspháiste duine ar bronnadh an stádas seo air, ní dhéanfar do mheas mar `pháiste' dá mba rud é go raibh tú faoi aois 18 ag am iarratas do thuismitheora nó do leathuismitheora go hOifig Gnóthaí Baile na RA.

Má éilíonn tú maoiniú mac léinn mar fhear céile, mar bhean chéile nó mar pháirtí sibhialta duine ar bronnadh an stádas seo air, beidh ort bheith mar fhear céile, mar bhean chéile nó mar pháirtí sibhialta dóibh ag am a n-iarratais.

Caithfidh an fhianaise ar fad a chuireann tú isteach a bheith ina **bunfhianaise**.

5.7 'Cead fanachta' faoi rannán 67 d'Acht Inimirce 2016



Thig leat cur isteach ar mhaoiniú an fhad is nach dtéann do stádas nó stádas duine den teaghlach as feidhm roimh 1ú Meán Fómhair 2020.

Má théann do stádas as feidhm sula gcríochnaíonn tú do chúrsa, iarrfaidh muid fianaise fá dtaobh de do stádas nuashonraithe.

Má bhaineann an stádas seo leat féin, beidh ort cur ionsorainn mar seo a leanas:

- do Chead Bithmhéadrach Cónaithe; **nó**
- do litir ón Oifig Gnóthaí Baile **agus** do litir fá dtaobh de stádas imirce.

Má bhaineann an stádas seo leis an bhall de do theaghlach, beidh ort cur ionsorainn mar seo a leanas:

- cruthúnas ar do ghaol leis an bhall den teaghlach leis an dáta chéanna lena n-iarratas don Oifig Gnóthaí Baile.

Má éilíonn tú maoiniú mac léinn mar pháiste nó leaspháiste duine ar bronnadh an stádas seo air, ní dhéanfar do mheas mar `pháiste' dá mba rud é go raibh tú faoi aois 18 ag am iarratas do thuismitheora nó do leathuismitheora go hOifig Gnóthaí Baile na RA.

Caithfidh an fhianaise ar fad a chuireann tú isteach a bheith ina **bunfhianaise**.

Rannán 5 Sonraí náisiúntachta agus cónaitheachta an mhic léinn (ar leanstan)

5.8 Páiste náisiúnaigh de chuid na Tuirce atá nó a bhíodh ag obair sa RA



Cuir ionsorainn:

- do phas bailí; **nó**
- do Chárta Aitheantais Náisiúnta.

Beidh cruthúnas gur náisiúnach de chuid na Tuirce do thuismitheoir/do leathuismitheoir de dhíobháil orainn, cuirtear chugainn:

- pas bailí do thuismitheora; **nó**
- a gCárta Aitheantais Náisiúnta **agus** cruthúntas ar bhur ngaol.

Caithfidh na míreanna fianaise ar fad thuas a bheith ina **mbuncháipéisí**.

Tá cruthúnas fótachóipeáilte go bhfuil siad i mbun/ag cuardach oibre sa RA de dhíth orainn fosta, cuirtear chugainn:

- a bP60; **nó**
- tá bP45; **nó**
- litir óna bhfostóir ar cheannpháipéar; **nó**
- a gcuntais iniúchta; **nó**
- a n-aiseag cánach; **nó**
- sonraí fá dtaobh dá n-ioncam.

5.9 Páiste náisiúnaigh de chuid na hEilvéise



Cuir ionsorainn:

- do phas bailí; **nó**
- do Chárta Aitheantais Náisiúnta.

Beidh cruthúnas gur náisiúnach de chuid na hEilvéise do thuismitheoir/do leathuismitheoir de dhíobháil orainn, cuirtear chugainn:

- pas bailí do thuismitheora ar náisiúnach de chuid na hEilvéise iad; **nó**
- a gCárta Aitheantais Náisiúnta **agus** cruthúntas ar bhur ngaol.

Caithfidh na míreanna fianaise ar fad thuas a bheith ina **mbuncháipéisí**.

Tá cruthúnas fótachóipeáilte go bhfuil siad ina gcónaí sa RA de dhíth orainn fosta, cuirtear chugainn:

- litir shínithe le daingniú go bhfuil/go raibh do thuismitheoir ar náisiúnach de chuid na hEilvéise iad ina gcónaí sa RA ar an chéad lá den bhliain acadúil.
- agus cionn amháin den mhéid seo a leanas:**
- an ráiteas bainc is úire; **nó**
 - an duillín pá is úire (a thaispeánann seoladh baile); **nó**
 - aontú tionóntachta/ráiteas morgáiste; **nó**
 - bille fóntais (le dáta le trí mhí anuas); **nó**
 - comhfhreagras Údaráis Áitiúil (ar cheannpháipéar); **nó**
 - comhfhreagras Roinne Rialtais.

Rannán 5 Sonraí náisiúntachta agus cónaitheachta an mhic léinn (ar leanstan)

5.10 Náisiúnach de chuid an LEE nó na hEillbhéise atá/a bhíodh ag obair nó atá ag cuartú oibre sa RA



Má stadann tú/an ball de do theaghlach de bheith ag cuartú oibre go gníomhach agus mura bhfuil ag cuartú oibre go gníomhach sa RA caithfidh tú teagmháil a dhéanamh linn ar **0300 200 7089** agus cuir in iúl dúinn.

Má bhaineann an stádas seo leat, beidh ort cur ionsorainn mar seo a leanas:

- do phas bailí; **nó**
- do Chárta Aitheantais Náisiúnta; **nó**
- do Chárta Buanchónaí (LEE amháin).

Caithfidh fianaise ar bith thuas a chuireann tú isteach bheith ina **bunfhianaise**.

Tá fótachóip de cheann ar bith den mhéid seo a leanas de dhíth orainn fosta:

- do P60; **nó**
- do P45; **nó**
- litir ó d'fhostóir ar cheannpháipéar; **nó**
- do chuid cuntas iniúchta; **nó**
- d'aiseag cánach; **nó**
- sonraí fá dtaobh de d'ioncam; **nó**
- cruthúnas go bhfuil tú ag cuartú fostaíochta go gníomhach sa RA.

Má bhaineann an stádas seo leis an bhall de do theaghlach, beidh ort cur ionsorainn mar seo a leanas:

- á bpas bailí; **nó**
- á gCárta Aitheantais Náisiúnta **agus** cruthúnas ar bhur ngaol.

Caithfidh fianaise ar bith thuas a chuireann tú isteach bheith ina **bunfhianaise**.

Tá cruthúnas fótachóipeáilte go bhfuil siad i mbun/ ag cuardach oibre sa RA de dhíth orainn fosta, cuirtear chugainn:

- a bP60; **nó**
- a bP45; **nó**
- litir óna bhfostóir ar cheannpháipéar; **nó**
- a gcuid cunntas iniúchtha; **nó**
- a n-aiseag cánach; **nó**
- sonraí fá dtaobh dá n-ioncam; **nó**
- cruthúnas go bhfuil siad ag cuartú fostaíochta go gníomhach sa RA.

5.11 Neamh-incháilithe ar do chúinsí náisiúntachta agus cónaí



Caithfidh tú na riachtanais fá dtaobh de náisiúntacht agus chónaí a leagtar amach i scéim an Liúntais a bhaint amach le fócaíochtaí Liúntais a fháil.

Más dóigh leat go bhféadfá cáilithe fós agus más mian leat labhairt le duine ínteach fá dtaobh de do chás sonrach, thig leat scairt ar **0300 200 7089**.

Rannán 7 Stair neamhspleáchais an mhic léinn

7.2 Tá mé ag déanamh gur cheart domh a bheith i mo mhac léinn neamhspleách



Más rud é go bhfuair tú comhairle leanstan ort i do mhac léinn neamhspleách (is é sin go bhfuil tú spleách ó thaobh airgeadais ar do thuismitheoir/do chaomhnóir ach gur mac léinn neamhspleách i dtólamh thú i do bharúil – cuir scairt ionsorainn ar **0300 200 7089** le do chás a phlé.

7.3 I do chónaí faoi chúram na Roinne Sláinte nó thuismitheora/tuismitheoirí altrama



Fá choinne aon tréimhse trí mhí ag críochnú ar an dáta a bhain tú aois 16 amach nó ina dhiaidh agus roimh 1ú Meán Fómhair 2020, go raibh tú i do chónaí faoi chúram na Roinne Sláinte nó thuismitheoirí ach nach raibh tú faoi chúram dlíthiúil do thuismitheoirí.

Caithfidh tú seo a chur chugainn:

Litir ar pháipéar ceanteidil ón Roinn Sláinte a dheimhníonn go bhfuil tú i do chónaí faoina gcúram siúd nó le thuismitheoirí altrama.

Caithfidh an litir seo do sheoladh reatha a dheimhniú fosta; agus caithfidh sí bheith sínithe ag oifigeach ón Roinn Sláinte le stampa oifigiúil san áireamh.

Faigheann tú Tacaíocht Ioncaim nó Liúntas Fostaíochta is Tacaíochta coibhneasta le hloncam i d'ainm féin



Beidh ort cur ionsorainn mar seo a leanas:

- do ráiteas sochar reatha fá choinne 6ú Aibreán 2019 go 5ú Aibreán 2020; **nó**
- do Fhógra Dhámhachtain Creidmheas Cánach fá choinne 6ú Aibreán 2019 go 5ú Aibreán 2020.

Freagrach as páiste



Beidh ort cur ionsorainn mar seo a leanas:

- an ráiteas Sochair Linbh is úire de do chuid; **nó**
- an Fógra um Dhámhachtain Creidmheasa Cánach is úire de do chuid; **nó**
- teastas **bunteastas** breithe do pháiste.

Rannán 8 Sonraí airgeadais

Cuid A



Féin-mheasta

Más rud é gur líon tú aiseag cánach ar líne

Ba cheart duit tagairt a dhéanamh do d'aiseag cánach sábháilte ar líne fá choinne na bhfigiúirí ioncaim atá de dhíobháil sa rannán seo.

Más rud é gur líon tú aiseag cánach ar pháipéar

Tá treoir ar líne le cuidiú leat na ceisteanna sa rannán seo a fhreagairt agus thig leat í a íoslódáil ó: www.nidirect.gov.uk nó más mian leat go gcuirfead cóip ionsort cuir scairt ionsorainn ar **0300 200 7089**.



Comhroinnt Sonraí

Roinnfidh agus seiceálfaidh muid na sonraí airgeadais a thugann tú dúinn le hIoncam is Custam A Soilse. Déanfar an fhaisnéis seo a choinneáil go slán agus a choimeád go docht faoi fhorálacha na reachtaíochta a bhaineann le hábhar fá dtaobh de chosaint sonraí.

Má theipeann ort d'Uimhir Náisiúnta Árachais a chur ar fáil ar an fhoirm iarratais iarrfaidh muid orainn do chuid cáipéisí airgeadais a chur ar fáil. Má thaispeántar d'Uimhir Náisiúnta Árachais ar cháipéisí ar bith a sheolann tú ionsorainn mar thacú le hiarratas, bainfidh muid feidhm as an fhaisnéis seo agus déanfaidh muid í roinnt is a sheiceáil le HMRC le faisnéis chruinn airgeadais a fháil fá dtaobh díot.

Cuid B

Faisnéis airgeadais fá choinne bliain chánach 2018-19



Más rud é gur thit ioncam do theaghlach go buan ó 2018-19

Le bheith cáilithe le íocaíochtaí EMA a fháil, caithfidh ioncam iomlán an teaghlach a bheith ag:

- £20,500 nó faoina bhun agus is é an mac léinn an t-aon duine óg amháin; **nó**
- £22,500 nó faoina bhun, **agus** té níos mó ná duine óg amháin a cháilíonn do Shochair Leanaí sa teaghlach.

Más rud é i mbliain chánach 2018-19 gur chosain tú thar an tairseach seo ach gur thit d'ioncam faoi ó shin, is féidir é a mheas fá choinne an Liúntais ag baint feidhme as ioncam do theaghlach san am i láthair.

Tá cruthúnas ar ioncam reatha do theaghlach de dhíobháil orainn; beidh ort cur ionsorainn mar seo a leanas:

- an litir is úire de do chuid fá dtaobh de Thacaíocht Ioncaim; **nó**
- do chuid duillíní pá le trí mhí anuas.
- **Más féin-mheasta** – litir ó do chuntasóir ar cheannpháipéar a chuireann d'ioncam le trí mhí anuas in iúl. Caithfidh síniú agus dáta a bheith leis an litir seo.

Agus cruthúnas le taispeáint go bhfuil ioncam do theaghlach i ndéidh titim go buan; cuir ionsorainn:

- do P45; **nó**
- do litir iomarcaíochta; **nó**
- litir ó d'fhostóir ar cheannpháipéar a mhíníonn an titim buan in ioncam. Caithfidh síniú agus dáta a bheith leis an litir seo.

Más rud é go bhfuil beirt thuismitheoirí/chaomhnóirí i do theaghlach

Más rud é gur thit ioncam do thuismitheoir/do chaomhnóir amháin, caithfidh an duine eile fianaise ar a thuilleamh a chur ar fáil.

Rannán 8 Sonraí airgeadais (ar leanstan)

8.2 Ioncam ó thuarastal nó ó phá



Más rud mar chuid de do thuarastal nó do phá i mbliain chánach 2018-19 go bhfuair tú **luach dráir nó íocaíochtaí eile** nár taispeánadh ar do P60, beidh ort an figiúr seo a chur san áireamh fós nuair a chuireann tú suim iomlán ioncaim a cosnaíodh ó fhostaíocht ar fáil.

8.3 Ioncam ó shochair incháinite stáit



Ná cuir san áireamh ach ioncam a fuair tú fá choinne na sochar seo a leanas:

- Liúntas Méala
- Liúntas Cúramóra
- Liúntas Fostaíochta is Tacaíochta bunaithe ar Ranníocaíochtaí
- Sochair scoir ghrádaithe
- Sochar Éagumais (ná cuir san áireamh ach an tsuim a fuair tú i ndéidh 28 seachtain d'éagumas)
- Sochar Báis Thionsclaí
- Liúntas Chuartú Oibre
- Íocaíocht Uchtaithe
- Íocaíocht Reachtúil Máithreachais
- Íocaíocht Reachtúil Atharthachta
- Pá Reachtúil Tinnis
- Liúntais Tuismitheora ina Bhaintreach

8.4 Ioncam ó choigilteas agus ó infheistíocht



Leis an cheist seo a dhéanamh níos fusa, tá muid i ndéidh í a roinnt i gceithre chuid ar leith. Féadfaidh go bhfuair tú ioncam nó nach bhfuair ó achan chuid, díreach inis dúinn fá dtaobh na cinn a fuair tú.

Díreach inis dúinn fá dtaobh den tsuim den ús/ioncam a fuair tú ó choigilteas agus infheistíocht i mbliain chánach 2018-19, ní suim an choigiltis nó na hinfeistíochta a bhí agat.

8.5 Ús iomlán ó bhainc, ó chumann tógála agus ó aontais chreidmheasa sa RA



Seo ús comhlán sa RA (sula mbaintear cáin de).

Caithfidh tú ús a fuair tú ó chuntais banc, cumann tógála agus ó chuntais choigiltis eile a chur san áireamh ach amháin má tá sé go sonrach neamhincháinite, mar shampla, Cuntas Coigiltis neamh-incháilithe srl.

Mura nochtann tú ioncam coigiltis agus infheistíochta ar bith do HMRC, déan tagairt do do ráitis ón bhanc nó ón chumann tógála fá choinne na bhfigiúr seo.

Rannán 8 Sonraí airgeadais (ar leanstan)



Ioncam iomlán ó bhrabúis árachais bheatha, urrúis agus chomhpháirtíochtaí

Áirítear leis seo:

- Ús ó urrúis órchiumhsacha agus eile de chuid na RA – suim chomhlán roimh cháin
- Brabúis ó bheartais árachais bheatha srl de chuid na RA ar measadh cáin a bheith íoctha orthu
- Brabúis ó bheartais árachais bheatha srl de chuid na RA ar measadh gan cáin ar bith a bheith íoctha orthu
- Brabúis ó bheartas árachais bheatha srl de chuid na RA, brabúis ó ISAnna neamhnithe
- Do scar d'ús faoi cháin srl
- Ioncam coigiltis iomlán gan cháin incháinite ag 20%
- Ioncam faoi cháin incháinite ag 10%
- Ioncam faoi cháin incháinite ag 20%



Ioncam iomlán ó infheistíocht agus ó dhíbhinní sa RA

Áirítear leis seo:

- Díbhinní ó chomhlachtaí de chuid na RA
- Díbhinní eile
- Díbhinní stoic
- Dáileadh neamhcháilithe agus iasachtaí cuideachtaí dúnta scaoilte
- Scéimeanna scar – suim incháinite



Ioncam iomlán ó infheistíocht agus ó dhíbhinní thar lear

Áirítear leis seo:

- Díbhinní thar lear
- Ús agus ioncam eile ó choigilteas thar lear
- Díbhinní ó chomhlachtaí thar lear
- Ioncam díbhinne a fuair tó ó dhuine thar lear

8.5 Sochair incháinite le hábhar



Áirítear leis seo:

- Sócmhainní a chuirtear ar diúscairt don fostaí (carranna, réadmhaoín, earraí nó sócmhainní eile)
- Íocaíochtaí a rinneadh thar cionn fostaí
- Dearbháin agus cártaí creidmheasa
- Cóiríocht
- Liúntas mílte agus íocaíochtaí paisinéirí
- Ionann iomlán airgid carranna/feithiclí a cuireadh ar fáil
- Ionann iomlán breosla d'achan charr/fheithicil a cuireadh ar fáil
- Ionann airgid iasachtaí i ndéidh ús ar bith a dhíol an t-iasachtaí a bhaint de
- Láimhseáil nó árachas príobháideach leighis
- Íocaíochtaí is sochair costais cháilithe athlonnaithe
- Seirbhísí a cuireadh ar fáil
- Sócmhainní a cuireadh de láimh fostaí
- Míreanna eile (lena n-áirítear sintiúis agus táillí gairmiúla)
- Íocaíochtaí costas a rinneadh d'fhostaí nó thar a chionn

Rannán 8 Sonraí airgeadais (ar leanstan)

Cuid C

Ioncam ar bith eile

8.7 Ioncam ó fhéinfhostaíocht



Leis an cheist seo a dhéanamh níos fusa, tá muid i ndéidh í a roinnt i gceithre chuid ar leith. Féadfaidh go bhfuair tú ioncam nó nach bhfuair ó achan chuid, díreach inis dúinn fá dtaobh na cinn a fuair tú.

8.8 Brabús iomlán athraithe ó ghnóthaí



Áirítear leis seo:

- Brabús iomlán athraithe ón ghnó seo (comhiomlánaithe fá choinne ilfhéinfhostaíochta)

8.9 Brabús iomlán athraithe ó chomhpháirtíochtaí



Áirítear leis seo:

- Scar d'ioncam iomlán faoi cháin agus gan cháin seachas a bhfuil incháinithe ag 10% is 20%
- Do scar den bhrabús iomlán athraithe ó na comhpháirtíochtaí

8.10 Ioncam mar mhinistir de chuid na heaglaise



Áirítear leis seo:

- Ioncam incháinithe lúide costais (Ministirí de chuid na heaglaise) nach bhfuil san áireamh i do P60 nó do P11D

8.11 Ioncam nó cnapshuimeanna incháinithe ar bith eile



Áirítear leis seo:

- Ioncam incháinithe ar bith eile – roimh chostais agus cháin a bhaintear de
- Cosnadh iasachta nach bhfuil incháinithe sa RA
- Cnapshuimeanna incháinithe
- Cnapshuimeanna nó sochair a fuair tú ó Scéim Scor Maoinithe ag Fostóirí gan phinsin san áireamh
- Suimeanna iomarcaíochta is cnapshuimeanna eile agus íocaíochtaí cúitimh

8.12 Ioncam ó ligean sealúchais



Áirítear leis seo:

- Ioncam ó shealúchas sa RA
- Ioncam ó shealúchas nó ó thalamh thar lear

8.13 Ioncam ó iontaobhais de chuid na RA



Áirítear leis seo:

- Ioncam lánroghnach ó iontaobhas cónaitheoirí de chuid na RA – Suim ghlan
- Íocaíocht ioncaim lánroghnaigh – Íocaíochtaí iomlána ó iontaobhais chun leasa socraitheoirí
- Teidlíocht neamh-lánroghnach ioncaim ó iontaobhas – Suim ghlan d'ioncam nach coigilteas
- Teidlíocht neamh-lánroghnach ioncaim ó iontaobhas – Suim ghlan d'ioncam coigiltis
- Teidlíocht neamh-lánroghnach ioncaim ó iontaobhas – Suim ghlan d'ioncam díbhinne
- Ioncam inmhuirir ar shocraitheoirí
- Ioncam ó eastáit de chuid na RA
- Ioncam ó eastát thar lear

Rannán 8 Sonraí airgeadais (ar leanstan)

8.12 Ioncam thar lear



Áirítear leis seo:

- Suim iomlán incháinite pinsean, sochar slándála sóisialta agus ríchíosanna srl thar lear
- Suim iomlán incháinite achan ioncaim eile a fuair duine thar lear
- Brabúis ar dhiúscairt cistí thar cladach amach agus ioncam lánroghnach ó iontaobhais neamh-chónaitheoirí
- Sochar a fuair tú ó iontaobhas, ó chomhlacht nó ó dhuine ínteach eile thar lear
- Brabúis ar bheartais bheatha thar lear (suim an bhrabúis)

8.13 Ioncam ó pinsean thar lear



Áirítear leis seo:

- Luach sochar pinsin de bhreis ar do Liúntas Beatha, a ar ghlac tú leis mar chnapshuim
- Suim d'íocaíocht neamhúdairithe ó scéim pinsin, nach bhfuil faoi réir formhuirir
- Suim d'íocaíocht neamhúdairithe ó scéim pinsin, faoi réir formhuirir
- Aisíoc gearthéarmach incháinite ranníocaíochta (scéimeanna pinsin thar lear amháin)
- Íocaíocht chnapshuim incháinite sé shochar báis (pinsin thar lear amháin)

8.14 Ioncam agus brabúis eile thar lear



Áirítear leis seo:

- Suim easnamh (díolúintí faoi aistriú sócmhainní thar lear)

Cuid D

Laghduithe ioncaim

8.17 Costais incheadaithe ar éiligh tú faoiseamh cánach orthu



Áirítear leis seo:

- Suim iomlán de chostais incheadaithe
- Cáin iasachta nár éilíodh faoiseamh chreidmheas cánach fána dtaobh
- Taisteal gnó agus costais mhaireachtála
- Laghduithe socraithe do chostais
- Táillí gairmiúla agus síntiúis
- Costais agus liúntais chaipitiúla eile

Rannán 9 Sonraí teaghlaigh an mhic léinn

- 9.2** Neamhcháilithe as siocair go bhfuil tú ag cosnadh thar an tairseach is mó fá choinne teidlíochta ar an Liúntas



Le bheith cáilithe le íocaíochtaí EMA a fháil, caithfidh ioncam iomlán an teaghlaigh a bheith ag:

- £20,500 nó faoina bhun agus is é an mac léinn an t-aon duine óg amháin; **agus**
- £22,500 nó faoina bhun, **agus** té níos mó ná duine óg amháin a cháilíonn do Shochair Leanaí sa teaghlach.

Más mian leat labhairt le duine ínteach fá dtaobh de do chás sonrach, thig leat scairt ar **0300 200 7089**.

- 9.3** Daoine óga eile sa teaghlach atá:



- faoi aois 16 agus cáilithe ar Shochar Linbh
nó
- in aois 16, 17, 18, 19 nó 20 ar 1ú Meán Fómhair 2020, i mbreisoideachas lánaimseartha **agus** cáilithe ar Shochar Linbh

Caithfidh tú fianaise a chur isteach fá choinne ach an pháiste a luaigh tú in 9.3.

Má tá siad faoi 16, cuir ionsorainn:

- an ráiteas is úire de chuid do theaghlaigh fá dtaobh de Shochar Linbh; **nó**
- teastas breithe an linbh; **nó**
- an Fógra is úire de chuid do theaghlaigh fá dtaobh de Dhámhachtain Chreidmheas Cánach a liostálann ach an duine óg.

Má tá siad in aois 16, 17, 18, 19 nó 20, cuir ionsorainn:

- an ráiteas is úire de chuid do theaghlaigh fá dtaobh de Shochar Linbh; **nó**
- bunteastas breithe an linbh; **nó**
- an Fógra is úire de chuid do theaghlaigh fá dtaobh de Dhámhachtain Chreidmheas Cánach a liostálann ach an duine óg; **nó**
- teastas breithe an linbh **agus** dearbhú fá dtaobh de rollú nó de dhámhachtain ó Institiúid Breisoideachais mar chruthú go bhfuil glactha leis an leanbh ar chúrsa.

Eolas breise

Cá huair a gheobhaidh mé íocaíocht?

Sular féidir linn íocaíochtaí a dhéanamh:

- caithfidh an dá chuid den Aontú EMA s'agat le do scoil nó do choláiste a aontú agus a shíniú;

agus

- caithfidh do scoil nó do choláiste cur in iúl dúinn go raibh tú ag freastal.

Íocfaidh muid thú achan choicís ar an Luan.

Mar shampla, má tá tú faomhaithe chun an Liúntas a fháil agus má dhaingníonn do scoil nó do choláiste tú a bheith ag freastal, íocfaidh muid £60 leat achan dhá sheachtain.

Más lá saoire baine an Luan, íocfaidh muid ar an chéad lá oibre eile thú.

Ní bhfaighidh tú íocaíochtaí EMA le linn saoire ós rud é nach n-íoctar an Liúntas nuair a bhíonn do scoil nó do choláiste dúnta.

De ghnáth déantar íocaíochtaí bónais in Eanáir agus i Meitheamh.

Goidé mar a dhéanaim gearán?

Is féidir fadhbanna a shocrú go gasta agus go héasca de ghnáth fríd ghlaoch ar an roinn a raibh tú ag déileáil léi, d'fhadhb a mhíniú agus iarraidh go ndéanfar í a réiteach. Mura réitíonn sé seo an fhadhb chun do shásachta, nó má chreideann tú go dtiocfadh nach bhfuil an cur chuige seo cuí, thig leat gearán a dhéanamh ar chionn amháin de na dóigheanna seo a leanas.

- Scríobh go:

Customer Relations Unit

Student Loans Company Limited

100 Bothwell Street, Glasgow, G2 7JD

- Fríd ghlaoch ar an roinn dheireanach a raibh tú ag déileáil léi agus iarraidh go ndéanfar gearán fóin a logáil.

- Fríd ríomhphost a chur go **customer_complaints@slc.co.uk**

Déan tagairt le do thoil do d'Uimhir Thagartha Custaiméara (má tá cionn agat) in achan chomhfhreagras.

Má airíonn tú gur fhulaing tú de dheasca drochriaracháin nó teipeadh seirbhíse maidir le d'iarratas nó do mheasúnú, tá de cheart agat gearán a dhéanamh go díreach d'Oifig Ombudsman Thuaisceart Éireann.

Achomhairc

Más mian leat cinneadh fá do cháilíocht ar EMA a achomharc, ba cheart duit dul i dteagmháil ar dtús le Foireann Seirbhísí Custaiméirí EMA fríd ghlaoch ar **0300 200 7089** nó ríomhphost a chur chuig **ema_ni@slc.co.uk**

Ba cheart achomhairc ina dhiaidh sin a chur i scríobh le fianaise tacaíochta chuig:

Department for the Economy's Head of Student Support

6th floor Adelaide House

39-49 Adelaide Street, Belfast, BT2 8FD